# Ról na dtéacsanna, an litríocht ina measc, i dtacú le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Tuairisc ilchodach ina bhfuil:

- Dearcthaí múinteoirí agus scoláirí
- Alt acadúil

2025

## Contents

Réamhrá ........ 1

Cúlra ........ 1

Leasuithe a rinneadh le déanaí a bhaineann le téacsanna sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach ........ 1

Dearcthaí múinteoirí agus scoláirí ........ 2

Réamhrá ........ 2

Léargais ........ 3

Alt acadúil ........ 11

1. Réamhrá ........ 12

2. Litríocht ar chlár siollabas Ghaeilge na hiarbhunscoile ........ 12

3. Cad is téacs litríochta ann? ........ 13

4. An chanóin ........ 14

5. Cén fáth litríocht sa chéad áit? ........ 14

6. Feidhmeanna oideachasúla na litríochta ........ 15

6.1 Teanga agus litearthacht ........ 15

6.2. Dearcadh "eile" ar an saol ........ 16

6.3. Guth an phobail agus guth na Gaeltachta ........ 16

6.4. Forás pearsanta agus forbairt mhothúchánach ........ 17

6.5. Scileanna critice/léirmheastóireachta ........ 17

7. Múineadh théacsanna litríochta ........ 18

7.1. Téacsanna litríochta agus an fhoghlaim teanga ........ 18

7.2. Dúshláin ........ 19

7.3. Dhá chur chuige ........ 20

  7.3.1. Cur chuige an tseachadta ........ 20

  7.3.2. Cur chuige soch-chultúrtha ........ 20

8. Measúnú ........ 21

9. Conclúid ........ 22

10. Tagairtí ........ 22

11. Aguisín ........ - 13 -

## Réamhrá

Go stairiúil, glacadh cur chuige i leith theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge ina gcomhtháthaítear teanga agus litríocht. Leis an gcur chuige sin, bíonn ról lárnach ag téacsanna trí stór focal, struchtúir ghramadaí agus comhthéacsanna cultúrtha éagsúla a chur ar shúile na scoláirí. Tacaítear le hinniúlachtaí léitheoireachta, scríbhneoireachta, éisteachta, labhartha agus idirghníomhaithe na scoláirí a fhorbairt trí theagmháil le téacsanna éagsúla den sórt sin, inniúlachtaí atá riachtanach do shealbhú agus d'fhorbairt teanga. Mar sin féin, tá go leor cur agus cúiteamh i measc páirtithe leasmhara faoi chur chuige comhtháite na teanga agus na litríochta. Mar fhreagra air sin, chuir CNCM an t-ábhar fiosraithe seo i dtoll a chéile maidir le ról na dtéacsanna, an litríocht ina measc, i dtacú le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge chun tacú le plé faoi athfhorbairt Ghaeilge na sraithe sinsearaí mar chuid de Thráinse 4.

Leis an tuarascáil ilchodach seo, cuirtear leis an bplé leanúnach ar ról na dtéacsanna, an litríocht ina measc, i dteagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge in iar-bhunscoileanna. Fiosraítear na saincheisteanna trí ghuth an scoláire, dearcthaí múinteoirí agus taighde acadúil i gceithre chuid:

- Cúlra
- Leasuithe a rinneadh le déanaí a bhaineann le téacsanna sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach
- Dearcthaí múinteoirí agus scoláirí
- Alt acadúil:
  *Múineadh na litríochta Gaeilge ag an iarbhunleibhéal: Cad chuige agus cur chuige.*

## Cúlra

Mar fhreagra ar an Athbhreithniú Luath ar Chur i bhFeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 &T2 don tSraith Shóisearach (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), thug CNCM faoi thaighde a dhéanamh ar ról na dtéacsanna, an litríocht ina measc, i dtacú le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge in iar-bhunscoileanna. Mar thoradh air sin, in 2024, choimisiúnaigh CNCM an tOllamh Muiris Ó Laoire chun taighde a dhéanamh ar ról na dtéacsanna, idir théacsanna liteartha agus téacsanna neamhliteartha, i seomra ranga na Gaeilge. Baintear leas sa taighde as dea-chleachtas idirnáisiúnta agus pléitear réimse modheolaíochtaí agus straitéisí praiticiúla chun tacú le húsáid na dtéacsanna in iar-bhunscoileanna. Treisítear é le haguisín ina bhfuil moltaí praiticiúla chun téacsanna a fhiosrú agus a theagasc sna suíomhanna sin agus tá podchraoladh leis an údar ar fáil freisin chun tuilleadh tacaíochta agus spreagtha a thabhairt i leith comhráite gairmiúla faoin bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge.

## Leasuithe a rinneadh le déanaí a bhaineann le téacsanna sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach

In 2023, mar fhreagra ar an Athbhreithniú Luath ar Chur i bhFeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach agus de réir Imlitir 0015/2023, rinneadh leasú ar shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí ar mhaithe le líon na dtéacsanna liteartha ar a ndéanann na scoláirí staidéar a laghdú, chun go mbeadh níos mó ama ann le díriú ar scileanna cainte agus labharthachta na scoláirí a fhorbairt.

Thug CNCM tús áite freisin d'athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge don tSraith Sóisearach agus thosaigh SEALBHÚ, Ionad Taighde OCBÁC d'Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, ar obair a dhéanamh ar staidéar fadaimseartha i mí Mheán Fómhair 2023. Tuigeann CNCM go bhféadfadh téamaí a bhaineann le téacsanna teacht chun cinn as obair SEALBHÚ.

In 2023–24, d'oibrigh feidhmeannas CNCM le Grúpaí Athbhreithnithe um Liosta Téacsanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar théacsanna T1 agus T2 na sraithe sóisearaí. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, baineadh den liosta na téacsanna sin a bhí deacair a fháil agus cuireadh ábhar nua a foilsíodh le déanaí leis an liosta.

I mí na Samhna 2024, eisíodh liosta athbhreithnithe litríochta do scoláirí na Gaeilge a bheadh sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2025. Ina theannta sin, eisíodh ábhar dualgais athbhreithnithe do scoláirí sa dara agus sa tríú bliain i gCiorclán 0086/2024. Scrúdófar na hábhair dhualgais sin ó 2027 ar aghaidh.

Bhí téacsanna ina n-ábhar cainte arís sa Tuarascáil Chomhairliúcháin ar Dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta (CNCM 2023). Mar fhreagra air sin, agus de réir Chiorclán 0070/2024, rinneadh nuashonrú ar na téacsanna dualgais le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh den chéad uair ó 2010.

## Dearcthaí múinteoirí agus scoláirí

### Réamhrá

Tugadh cuairteanna ar ocht scoil chun léargas a fháil ar 'fhíorthaithí' na dtéacsanna i seomra ranga na Gaeilge. Tugadh cuireadh ar léiriú spéise do gach scoil i mí Mheán Fómhair 2024 agus roghnaíodh sampla ionadaíoch ón 99 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sa taighde ar ról na dtéacsanna i dtacú le teagasc, foghlaim agus measúnú i seomraí ranga Gaeilge na n-iar-bhunscoileanna.

Roghnaíodh ceithre scoil T1 agus ceithre scoil T2 trí úsáid a bhaint as critéir a bhain le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna scoileanna sin ar siúl idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2024. Ghlac 137 scoláire (68 i suíomh T1, 69 i suíomh T2) agus 46 múinteoir Gaeilge (18 i suíomh T1 agus 28 i suíomh T2) páirt i gcruinnithe fócasghrúpaí lena linn.

Bailíodh tuairimí i leith an Ghréasáin do Mhúinteoirí Gaeilge trí fhócasghrúpaí ar líne le beirt mhúinteoirí ó shuíomh T1 agus triúr múinteoirí ó shuíomh T2.

Tugtar forléargas sa chuid seo a leanas ar na léargais a bailíodh.

Rinneadh plé le múinteoirí ar na hábhair seo a leanas maidir le téacsanna:

- léirmhíniú ar an téarma 'téacs'
- dúshláin agus deiseanna a bhaineann le téacsanna
- rogha téacsanna
- téacsanna tacaíochta breise, straitéisí agus modheolaíochtaí teagaisc
- scileanna cainte agus labharthachta
- measúnú foirmitheach agus suimitheach
- teicneolaíocht sa seomra ranga.

Sna fócasghrúpaí le scoláirí, tugadh deis do scoláirí na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí a gcuid tuairimí agus eispéireas a chur in iúl maidir leis an méid seo leanas:

- na seánraí is fearr leo
- forbairt stóir focal
- téacsanna a chumadh (ó bhéal agus scríofa)
- an Ghaeilge a úsáid i suíomh na scoile agus lasmuigh di
- ról na teicneolaíochta i seomra ranga na Gaeilge.

## Léargais

**Téacsanna: Léirmhíniú ar an téarma**
Bhí éagsúlacht ann i measc múinteoirí maidir leis an léirmhíniú ar an téarma 'téacs'. Dar le roinnt acu, bhain an téarma 'téacs' leis an bhfocal scríofa, m.sh. gearrscéalta, úrscéalta agus filíocht, agus sin amháin, ach thug roinnt eile acu léirmhíniú níos leithne air agus drámaí, amhráin, scannáin agus béaloideas san áireamh acu ann. I gcuid de na fócasghrúpaí, rinne múinteoirí tagairt do mhíreanna nuachta, ailt irise, óráidí, tras-scríbhinní ó thaifeadtaí fuaime agus iontrálacha blag mar théacsanna freisin.

Bhí éagsúlacht ann i measc scoláirí freisin maidir lena léirmhíniú ar an téarma 'téacs'. Dar le roinnt acu, is téacsanna iad leabhair a scríobhtar sa Ghaeilge, ach ní gá gur ar mhaithe le foghlaim na teanga ag leibhéal na hiar-bhunscoile a scríobhadh iad. Maidir le téacsanna a chruthaíonn na scoláirí iad féin, is fiú a lua gur thagair roinnt de na scoláirí do 'aiste a scríobh' beag beann ar an tasc a tugadh dóibh. Ar an iomlán, léiríodh éagsúlacht mhór sna fócasghrúpaí maidir le téacsanna a chruthaigh na scoláirí féin amhail: blaganna, anailís ar théacs, sceitsí carachtar, léirmheasanna scannán/leabhar, iontrálacha dialainne, díospóireachtaí agus liricí rap. Labhair roinnt scoláirí i suíomhanna T1 agus T2 araon faoi rólimirt agus gearrdhrámaí a scríobh, agus labhair roinnt bheag acu faoi mhíreanna fuaime a iarradh orthu a thaifeadadh as Gaeilge.

Bhí óráidí, míreanna nuachta agus podchraoltaí i measc na dtéacsanna a mhol múinteoirí lena meas amach anseo, ionas go mbeadh taithí ag scoláirí ar úsáid na teanga i suíomhanna dílse lena bhféadfaí rannpháirteachas agus inspreagadh a chothú. Ina theannta sin, luaigh roinnt múinteoirí go bhfuil téamaí dorcha agus gruama faoi chaibidil i roinnt de na téacsanna reatha agus gur mhian leo go mbeadh téamaí ann a bheadh níos baintí le saol déagóirí agus daoine óga. Luaigh roinnt múinteoirí (T1) go gcaithfear na clasaicí liteartha, ar nós shaothar Phádraic Uí Chonaire, a choinneáil agus b'fhéidir go bhféadfadh scoláirí staidéar a dhéanamh ar leagan nua-aimseartha agus leagan traidisiúnta de gach seánra chun a gcuid tuisceana a fhorbairt ar an gcaoi a dtagann fás agus forbairt ar an litríocht.

*Tá an méid sin stuif ar líne anois, mar shampla TG4 agus Molscéal, gur chóir dúinn a bheith dírithe orthu.*
(Múinteoir, fócasghrúpa T2)

*Tá sé deacair dul ó Ghaeilge an-simplí gan chabhair ó théacsanna.*

(Scoláire, fócasghrúpa T2)

Luaigh idir mhúinteoirí agus scoláirí an tábhacht a bhaineann le taitneamh a bhaint as téacsanna a ndéantar staidéar orthu:

*Nuair atá an múinteoir spreagtha, bíonn an scoláire spreagtha.*

(Múinteoir, fócasghrúpa T1).

**Dúshláin agus deiseanna**
D'aithin múinteoirí an tairbhe a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an litríocht agus na deiseanna a chruthaíonn téacsanna chun taithí a thabhairt do na scoláirí ar an teanga le hábhair éagsúla i réimse formáidí/seánraí. Ach nuair a dhéantar amhlaidh, bhí go leor den tuairim gur minic a bhíonn an teanga sna téacsanna an-acadúil agus nach léirítear gnáthchaint na scoláirí iontu. Tharraing múinteoirí aird ar an ngá ata le réamheolas agus stór focal a fhorbairt chun buneolas a thabhairt do na scoláirí, rud a bheadh mar thacaíocht dóibh agus iad ag smaoineamh, ag caint agus ag scríobh faoin inneachar agus faoi na téamaí a thagann chun cinn sna téacsanna.

*Bíonn béim ar an teanga acadúil i go leor de na téacsanna seachas teanga na cumarsáide. Is minic nach bhfeiceann na scoláirí a dteanga féin sna téacsanna ach 'teanga na leabhar'.*

(Múinteoir, Grúpa fócais T1)

Cé gur dhíol sásaimh do mhúinteoirí an laghdú ar líon na dtéacsanna sa tsraith shóisearach (ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh), labhair siad arís agus arís eile faoin mbrú ama a bhíonn orthu i leith an cúrsa a theagasc ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí. Nuair a fiafraíodh díobh faoi théacsanna tacaíochta breise a chur leis, is é seo a leanas a dúirt múinteoir amháin:

*Ní bhíonn mórán ama tarraingt ar théacsanna breise.*

(Múinteoir, fócasghrúpa T1)

Bhí tuiscint mhaith ag na scoláirí ar bhrúnna ama freisin agus an méid seo a leanas le rá ag scoláire amháin:

*Má chailleann tú rang Gaeilge, caillfidh tú go leor. [aistriúchán]*

(Scoláire na sraithe sinsearaí, fócasghrúpa T2)

I gcásanna inar úsáideadh téacsanna tacaíochta breise, thagair múinteoirí d'fhoilseacháin ó Gael Linn ar nós Dréimire agus Staighre. Ba dhíol sásaimh do mhúinteoirí iad na míreanna nuachta ó Tuairisc agus acmhainní ó TG4 Foghlaim chun tacú le plé ar chúrsaí reatha sna ceachtanna. Luadh suíomhanna gréasáin ar nós Snas (Vifax roimhe seo), An Tairseach, Nuacht RTÉ agus Molscéal go minic freisin. Tharraing múinteoirí atá ag obair i suíomhanna T2 aird ar an tábhacht a bhaineann le rochtain a bheith ar inneachar ina bhfuil déagóirí ag labhairt Gaeilge chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dá gcuid scoláirí nach mbíonn teagmháil acu go háitiúil leis an bpobal teanga. Labhair roinnt múinteoirí (T1) faoi chlubanna leabhar (m.sh. tionscnamh Club Leabhar COGG) agus thug roinnt eile (T1 agus T2) cuireadh d'údair/scríbhneoirí cónaithe chuig a scoileanna chun ceardlanna ar an scríbhneoireacht chruthaitheach a éascú.

Ar an iomlán, chuir scoláirí in iúl gur scannáin, úrscéalta agus gearrscéalta is mó a thaitin leo. Bhí frustrachas ar roinnt scoláirí mar gheall ar staidéar a dhéanamh ar shleachta, mar cheap siad nár fhoghlaim siad ach píosa beag eolais faoi na carachtair agus faoin snáithe scéil. Maidir leis an am a leithdháiltear do staidéar a dhéanamh ar théacs, bhí tionchar ag an am sin ar scoláirí ba chosúil, agus iad ag tarraingt aird ar an gcaoi ar tugadh an deis dóibh le scannáin, úrscéalta agus gearrscéalta am a chaitheamh ar an téacs, titim amach an scéil a fheiceáil agus an chaoi a bhforbraítear na carachtair a thabhairt faoi deara. Cé go ndúirt roinnt acu go dtaitníonn an drámaíocht leo, cuireadh dúshláin roimh scoláirí eile le staidéar a dhéanamh ar dhrámaí, go háirithe nuair a rinneadh staidéar ar an dráma gan léiriú an dráma a fheiceáil. Dúirt roinnt múinteoirí i suíomhanna T1 agus T2 araon go mbeadh sé tairbheach dá mbeadh méadú ar líon na gclosleabhar atá ar fáil.

Cé gur aithníodh go forleathan gur féidir ceangail a dhéanamh trí théacsanna leis an am atá thart agus lenár n-oidhreacht chultúrtha shaibhir, labhair go leor múinteoirí arís agus arís eile faoin tábhacht a bhaineann le téacsanna níos nua-aimseartha a áireamh ina bhfuil déagóirí agus daoine óga mar charachtair. Bhí sé sin ag teacht le haiseolas ó scoláirí freisin.

| | | |
|---|---|---|
| *Ba cheart do gach téacs, gach foghlaimeoir a tharraingt isteach.*<br><br>(Múinteoir, Grúpa fócais T1) | *Tá an béaloideas tábhachtach ach tá deiseanna níos fearr an litríocht a cheangal le saol an scoláire.*<br>(Múinteoir, Grúpa fócais T2) | *Ba cheart na téacsanna Gaeilge a bheith níos nua-aimseartha agus léiriú a thabhairt ar an bhfíorshaol. [aistriúchán]*<br>(Scoláire, fócasghrúpa T2). |

Mhol roinnt scoláirí gur cheart téacsanna a chur leis ina bpléitear ábhair atá conspóideach, mothúchánach agus corraitheach. Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile sna fócasghrúpaí ba ea an gá atá le líon na dtéacsanna ar a ndéantar staidéar a laghdú agus gur mhian leis na scoláirí go mbeadh níos mó éagsúlachta sa liosta mar go raibh siad den tuairim go raibh go leor de na téacsanna cosúil le chéile.

*Tá an iomarca téacsanna le déanamh faoi láthair.*

*Bheadh sé níos fearr téacs amháin as gach seánra a dhéanamh agus níos mó ama a chaitheamh orthu.*

*Bíonn sé deacair codarsnacht a aimsiú idir roinnt de na téacsanna mar go mbíonn siad an-chosúil lena chéile.*

(Scoláirí na sraithe sóisearaí, grúpaí fócais T1)

D'aithin múinteoirí na naisc idir téacsanna agus MRB 1. Thagair siad freisin do rogha na scoláirí chun téacs a chomhtháthú lena gcuid oibre do MRB 2, ach chuir scoláirí in iúl gurbh fhearr leo ábhar a bhfuil suim acu ann a roghnú, seachas úsáid a bhaint as téacs a ndearna siad staidéar air sa dara nó sa tríú bliain.

Luaigh múinteoirí go spreagtar comhrá sa seomra ranga de bharr téacsanna, go háirithe scannáin, ag gach céim ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain. Trí théacsanna a úsáid, aithníodh go forleathan go gcabhraítear le scoláirí a gcuid stóir focal a leathnú agus go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí chun rialacha gramadaí a thabhairt isteach, iad a phlé arís nó chun dul siar a dhéanamh orthu i gcomhthéacs. Luaigh roinnt múinteoirí go raibh díospóireachtaí sa rang mar thoradh ar théacsanna áirithe, agus gur tugadh tacaíocht agus spreagadh do sheisiúin oibre grúpa le téacsanna eile. I gcásanna inar úsáideadh closleabhair, bhí múinteoirí an-sásta go raibh bealach eile acu chun úrscéalta a 'léamh' agus scileanna éisteachta na scoláirí a fheabhsú ag an am céanna. Mar thoradh ar théacsanna áirithe, bhí plé ann ar chanúintí agus leaganacha malartacha atá uathúil do gach téacs. Mar sin féin, luaigh roinnt múinteoirí T1 go raibh easpa téacsanna agus closleabhar ann chun tacú le canúintí aonair.

Bhí roinnt bheag múinteoirí den tuairim nár cheart an litríocht a áireamh i dteagasc na Gaeilge agus labhair roinnt scoláirí faoin easpa litríochta i seomraí ranga na nuatheangacha iasachta. Mar gheall ar an easpa ceisteanna bunaithe ar an litríocht i scrúdú deiridh gnáthleibhéil na sraithe sóisearaí, mheas múinteoirí go raibh drochthionchar aige sin ar eolas a úsáid agus ar inspreagadh na scoláirí.

**Rogha**
Cuireadh tuairimí éagsúla maidir le rogha téacsanna ar fáil. Ag leibhéal na sraithe sóisearaí, ba dhíol sásaimh do mhúinteoirí í fairsinge an liosta téacsanna atá molta do scoláirí na chéad bhliana agus liosta na dtéacsanna dualgais don dara agus don tríú bliain. Bhí roinnt múinteoirí den tuairim áfach go raibh an iomarca rogha ann agus go raibh siad ag streachailt ó thaobh ama de chun gach téacs a léamh ionas go mbeidís in ann na cinn is oiriúnaí dá gcomhthéacs féin a aithint. Idir an dá linn, luaigh roinnt scoileanna, ina mbíonn scéim leabhar ar bun, gur ceannaíodh tacair téacsanna sonracha, rud a chuireann srian lena gcuid rogha, bliain i ndiaidh bliana.

Tá dhá rogha próis i gceist le siollabas Gaeilge na sraithe sinsearaí ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal:

(1) Prós comónta ainmnithe
nó
(2) Prós: Ábhar roghnach

Ar an gcaoi chéanna, tá dhá rogha filíochta i gceist le siollabas na sraithe sinsearaí:

(1) Filíocht chomónta ainmnithe
nó
(2) Filíocht: Ábhar roghnach

Nuair a ceistíodh múinteoirí i ngach fócasghrúpa faoin gcúrsa roghnach ag leibhéal na sraithe sinsearaí, bhí múinteoirí den tuairim go raibh sé tábhachtach rogha eile a thabhairt ar an bprós agus ar an bhfilíocht ainmnithe. Mar sin féin, níor roghnaigh aon mhúinteoir sna fócasghrúpaí an cúrsa roghnach a dhéanamh. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar an ngá atá le rogha eile a bheith ann, go háirithe i mbliain acadúil ina dtugtar téacsanna ainmnithe nuashonraithe isteach. Leis an rogha sin, éascaítear scoláirí agus tugtar tacaíocht dóibh má chinneann siad, ar go leor cúiseanna difriúla, scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta a dhéanamh an athuair. Labhair múinteoirí eile faoi chomhghleacaithe a roghnaigh an cúrsa roghnach mar gheall ar shuimeanna agus riachtanais éagsúla a scoláirí. Aithníodh go bhfuil solúbthacht ag baint leis an gcúrsa roghnach d'iarrthóirí seachtracha agus lánfhásta freisin a dhéanann staidéar ar théacsanna le haghaidh scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Mheas roinnt múinteoirí go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh liosta téacsanna ann don chúrsa roghnach.

**Ábhair imní**
D'aithin múinteoirí go bhfuil suíomhanna T1 casta agus éagsúil ó chéile: Scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí, Aonaid agus Sruthanna. Ní úsáideann gach scoláire a fhreastalaíonn ar shuíomh T1 an Ghaeilge sa bhaile ná sa phobal áitiúil. Níor fhreastail gach scoláire i suíomh iar-bhunscoile T1 ar Ghaelscoil (suíomh bunscoile T1). Chuir múinteoirí in iúl go raibh imní orthu faoi líon socraithe na dtéacsanna atá le déanamh, go háirithe sa chéad bhliain, seachas a bheith ag díriú ar scileanna cainte a fhorbairt chun tacú leis na scoláirí i gcomhthéacsanna ina bhfuil an Ghaeilge ina teanga teagaisc agus cumarsáide ar fud an churaclaim.

Labhair múinteoirí i suíomhanna T2 freisin faoi na dúshláin a thagann chun cinn ag pointí aistrithe. Ba chúis imní dóibh na leibhéil éagsúla Ghaeilge a bhí ag na scoláirí ón mbunscoil agus an t-am a bhí ag teastáil chun na bearnaí foghlama sin a aithint agus dul chun cinn a dhéanamh sa churaclam iar-bhunscoile ag an am céanna.

*Tá tuiscint ann go bhfuil Gaeilge mhaith nó caighdeán éigin ag scoláirí agus iad ag teacht isteach sa chéad bhliain, ach ní mar sin a bhíonn sé do gach scoláire.*

*Bíonn bearnaí ann. Bíonn orthu tosnú ag an tús.*

(Múinteoir, Grúpa fócais T2)

Tharraing roinnt múinteoirí aird ar na dúshláin maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir obair do scoláirí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain ó Ghaelscoil (suíomh bunscoile T1) agus obair do scoláirí atá ag teacht isteach san iar-bhunscoil ó shuíomh T2. Dúirt roinnt scoláirí go raibh feasacht mhéadaithe acu ar a gcuid inniúlachta teanga mar gheall ar shuíomhanna cumais mheasctha.

*Múintear Gaeilge ar nós gur Béarla í, gur rud í atá ar eolas agat go réidh cheana féin. Ach níl sí ar eolas againn. [aistriúchán]*

(Scoláire, fócasghrúpa T2)

Labhair roinnt múinteoirí atá ag obair i suíomh Gaelcholáiste lasmuigh den Ghaeltacht faoi na dúshláin a bhaineann le ceangal a dhéanamh leis an bpobal teanga nuair nach bhfuil aon tacaíocht sheachtrach mar sin ann.

Cuireadh frustrachas in iúl maidir le nótaí, acmhainní agus gníomhaíochtaí a fhorbairt mar tá roinnt múinteoirí (T1) den tuairim nach bhfuil téacsleabhair oiriúnach do riachtanais na scoláirí i suíomhanna T1 agus go háirithe dóibh siúd atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

**Teagmháil leis an teanga**

Chuir roinnt múinteoirí (T2) in iúl go raibh imní orthu maidir leis an gclár ama agus an tionchar dá réir ar scoláirí nuair nach mbíonn ranganna Gaeilge acu gach lá. Cé gur aithin na múinteoirí sin atá ag obair i gcomhthéacsanna T1 go bhforbraítear leibhéil líofachta a scoláirí mar gheall go páirteach ar an teagmháil a bhíonn acu leis an teanga ar fud an churaclaim, thuig na múinteoirí sin atá ag obair i suíomh T2 go rímhaith an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar scoláirí nuair nach mbíonn siad i dteagmháil leis an teanga go laethúil. Ina theannta sin, i roinnt de na scoileanna ar ar tugadh cuairt, ní raibh bunseomra ranga ag múinteoirí ina bhféadfaidís timpeallacht shaibhir teanga a chothú nó obair na scoláirí a thaispeáint.

Nuair a fiafraíodh de na scoláirí faoin teagmháil a bhíonn acu leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, bhí éagsúlacht mhór sna freagraí. Cé go mbíonn roinnt scoláirí ag labhairt Gaeilge sa bhaile agus ina bpobal áitiúil, dúirt formhór na scoláirí i ngach fócasghrúpa nach labhraíonn siad Gaeilge lasmuigh de chomhthéacs na scoile. Dúirt roinnt scoláirí go mbíonn siad ag éisteacht le stáisiúin raidió Ghaeilge sa bhaile nó sa charr. Féachann líon mór scoláirí ar ócáidí spóirt ar TG4, cé gur admhaigh cuid acu go mbíonn sé deacair ag amanna an tráchtaireacht a thuiscint. Ní dúirt aon scoláire a ghlac páirt sna fócasghrúpaí go léann siad téacsanna Gaeilge, ar a rogha féin, ar mhaithe le pléisiúr.

Bhí roinnt múinteoirí sásta le forleithne na fógraíochta Gaeilge sna meáin chumarsáide agus ar fud ardáin meán sóisialta.

**Measúnú**

Thug múinteoirí léargais ar réimse leathan tascanna a d'úsáid siad chun tacú le measúnú idir fhoirmitheach agus suimitheach. Bhí tascanna éagsúla i gceist ó scrúduithe stóir focal (ó bhéal/ar chláir bhána bheaga), póstaeir ilmhódacha a dhearadh chun eachtraí i dtéacs a léiriú agus rólimirt, go measúnuithe scríofa níos traidisiúnta. Labhair go leor múinteoirí faoin tionchar a bhíonn ag na scrúduithe Stáit ar a gcuid cleachtais. Measadh gur caitheadh go leor ama ar scileanna tuisceana

agus scríbhneoireachta a fhorbairt chun tacú le ceisteanna téacsbhunaithe agus chreid go leor múinteoirí gur bhain sé sin de scileanna eile a fhorbairt, m.sh. scileanna cainte agus labharthachta. Cé go mbíonn rogha sna measúnuithe ranga, chuir múinteoirí frustrachas in iúl nach mbíonn aon rogha ag na scoláirí i scrúdú deiridh na sraithe sóisearaí. Bhí roinnt múinteoirí den tuairim go raibh ceisteanna téacsbhunaithe den chineál sin a cuireadh ar scoláirí na sraithe sóisearaí níos dúshlánaí ag amanna ná ceisteanna na hArdteistiméireachta.

*Tá caighdeán na gceisteanna níos dúshlánaí ar an scrúdú don JC, mar shampla, scríobh críoch eile don téacs. Uaireanta ní thuigeann an scoláire eochairfhocail na gceisteanna. Uaireanta bíonn siad níos deacra ná ceisteanna na hArdteiste.*

(Múinteoir, fócasghrúpa T1)

Thug roinnt múinteoirí, i bhfócasghrúpa T1 amháin, tionscadail agus podchraoltaí dá scoláirí de rogha ar scrúduithe téarma scríofa. Tugadh an rogha do na scoláirí a bheith ag obair ina n-aonair nó i mbeirteanna chun taighde agus dréachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre, ansin taifeadadh a dhéanamh uirthi agus í a chur isteach. Labhair fócasghrúpaí múinteoirí eile (T1 agus T2) faoi fhíseáin i ngearrfhormáid, ar stíl *TikTok*, mar mhodh measúnaithe, agus níor úsáid roinnt eile acu ach glórnótaí amháin.

**Modheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc**

Bhí éagsúlacht ann i measc na modheolaíochtaí agus straitéisí a úsáideadh ag brath ar chomhthéacs an ranga, an méid seo a leanas ina measc: ballaí focal, cláir bháin bheaga, bileoga oibre gníomhaíochtaí, tascanna léitheoireachta i mbeirteanna, sraitheanna pictiúr, siúlóidí dánlainne, díospóireachtaí, plé grúpaí, piarmheasúnú agus rólimirt/drámaíocht.

*Seans go mbíonn scoláirí sa rang le disléicse nó deacrachtaí foghlama, so athraíonn tú na straitéisí. Bíonn scoláirí ann a bhíonn go maith ag foghlaim go gníomhach, ní go fisiúil. So yea athraíonn tú rudaí.*

*Braitheann sé ar na daltaí atá os do chomhair. Braitheann sé ar a n-ábaltacht. Le grúpa láidir bheifeá in ann cur síos a dhéanamh ar théamaí, íomhánna srl. Le rang lag bíonn scafall de dhíth.*

(Múinteoir, Grúpa fócais T2)

Taitníonn obair ghrúpa le scoláirí go ginearálta agus tuigeann siad an tairbhe a bhaineann leis an deis chun stór focal agus frásaí a foghlaimíodh le deireanaí a úsáid lena bpiaraí chun an fhoghlaim a dhaingniú. Maidir le hobair ghrúpa agus plé ranga, bhí an méid seo a leanas le rá ag roinnt scoláirí:

*Fanann na focail nua leat.*

(Scoláire na sraithe sóisearaí, fócasghrúpa T1)

*Seachtain ó shin bhíomar ag déanamh freagra samplach agus thug mé faoi deara gur bhain mé úsáid as focail nua ó théacs. Sleamhnaíonn siad isteach i ngan fhios duit féin uaireanta.*

(Scoláire na sraithe sinsearaí, fócasghrúpa T1)

Chuir beagnach gach scoláire in iúl go dtaitníonn eispéiris foghlama ghníomhacha leo. Labhair roinnt scoláirí go haigeanta faoi obair bheirte agus faoi ghníomhaíochtaí ar nós rólimirt a scríobh

agus páirt a ghlacadh ann, agus cheap scoláirí eile go raibh béim mhór ar an bhfocal scríofa agus nach raibh ach píosa beag ama, nó i gcásanna áirithe nach raibh aon am ann, le haghaidh obair ghrúpa/obair ó bhéal le linn an ranga dá bharr sin.

Labhair roinnt múinteoirí faoi dheiseanna foghlama neamhfhoirmiúla a tháinig chun cinn de bharr meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas (MGO) a roinn straitéisí agus cuir chuige nua go fial leo agus iad ar socrúchán. Dúirt formhór na múinteoirí gur mhaith leo dá mbeadh níos mó deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil atá sonrach don disciplín chun bheith ar an eolas faoi na modheolaíochtaí teagaisc atá ag teacht chun cinn chun tacú le téacsanna liteartha agus neamh-liteartha a chomhtháthú le cleachtais teagaisc teanga.

**Obair chainte agus scileanna labharthachta**

Labhair múinteoirí i suíomhanna T1 agus T2 faoin réimse gníomhaíochtaí a úsáidtear chun tacú le scileanna labharthachta, m.sh. obair bheirte/ghrúpa, tascanna a léitear os ard, cuir i láthair, rólimirt i gcarachtar, óráidí agus díospóireachtaí. Tharraing cúpla múinteoir aird ar an tábhacht a bhaineann le plean suíochán chun gníomhaíochtaí grúpa a éascú agus a laghad cur isteach agus is féidir a bhaint amach. I roinnt shuíomhanna T2, tugadh deiseanna do na scoláirí Gaeilge a labhairt lena bpiaraí trí ghníomhaíochtaí ag am lóin amhail *tae agus plé*, *ciorcal comhrá* agus *Gaelbhratach*. Thagair roinnt múinteoirí do dhea-thionchar na n-ócáidí séasúracha i leith na scoláirí a spreagadh (m.sh., Seachtain na Gaeilge, Gaeilge 24) and comórtais (m.sh., Gael Linn *Abair*) ina gcuirtear an Ghaeilge chun cinn. Labhair múinteoirí i suíomhanna T1 agus T2 araon faoin tábhacht a bhaineann le comhrá neamhfhoirmiúil a spreagadh ag tús gach ranga chun muinín agus líofacht a chothú. D'aithin múinteoirí go bhféadfadh rang amháin taitneamh a bhaint as cuir chuige áirithe a úsáid chun obair chainte a spreagadh, ar nós dánta nó liricí amhrán a chumadh, ach go bhféadfadh na cuir chuige sin a bheith dúshlánach do rang eile. Labhair múinteoirí i suíomhanna T1 go minic faoin tábhacht a bhaineann le ceangail a dhéanamh leis an teanga ar fud an churaclam.

Dúirt go leor múinteoirí i bhfócasghrúpaí T2 go raibh sé deacair an t-am a fháil le haghaidh obair chainte mar gheall ar an am a chaitear ar théacsanna liteartha a léamh, a scagadh agus a anailísiú lena scoláirí. Dúirt formhór na múinteoirí go raibh sé deacair an t-am a fháil chun obair chainte an scoláire a mheasúnú ar bhonn aonair. Cé gur bhain scoláirí taitneamh as gníomhaíochtaí oibre grúpa, tuigeann múinteoirí nach mbíonn gach scoláire ag caint, fiú i suíomhanna grúpaí beaga.

Chuir roinnt scoláirí T2 in iúl go raibh imní orthu faoina gcuid inniúlachta chun comhrá neamhfhoirmiúil a bheith acu as Gaeilge. Luadh foghlaim de ghlanmheabhair go minic, agus an méid seo a leanas le rá ag roinnt scoláirí:

> *Is féidir liom insint duit faoi théama an dáin, ach ní féidir liom comhrá a dhéanamh leat.*
>
> *Sílim gur foghlaim de ghlanmheabhair atá sa chúrsa ar fad. Tugtar an t-alt dúinn agus deirtear linn é a fhoghlaim. Is amhlaidh an cás an tsraith pictiúr. Tugann an múinteoir sé alt dúinn. Níl mé ag iarraidh rud a fhoghlaim de ghlanmheabhair amháin, tá mé ag iarraidh go mbeadh tuiscint agam air. [aistriúchán]*
>
> (Scoláirí na sraithe sinsearaí, fócasghrúpa T2)

Bhí an fhoghlaim ghníomhach, rannpháirtíocht an scoláire agus eolas a úsáid san fhíorshaol tábhachtach do mhúinteoirí agus scoláirí araon. Labhair roinnt múinteoirí faoi ról na gceisteanna agus faoi thacsanomaíocht Bloom a úsáid chun tacú le cuimhne agus smaointeoireacht chriticiúil. Luaigh múinteoirí an tábhacht a bhaineann le haiseolas ó phiaraí agus aiseolas ó mhúinteoirí araon chun tacú le sealbhú agus forbairt teanga. Measadh freisin go bhfuil aiseolas ríthábhachtach i leith

muinín an scoláire a chothú. I roinnt fhócasghrúpaí T1 labhair múinteoirí faoin gcur chuige uile-scoile maidir le stór focal na scoláirí a leathnú agus cruinneas a fheabhsú trí thionscnaimh amhail *nath na seachtaine* nó *seanfhocal na seachtaine.*

Tá an rogha ag scoláirí na sraithe sóisearaí chun téacsanna ar a ndearnadh staidéar sa dara agus sa tríú bliain a úsáid mar chuid dá dtionscadal MRB 2, ach chuir formhór na scoláirí in iúl áfach gurbh fhearr leo ábhar a roghnú a bhfuil spéis phearsanta acu ann.

**Teicneolaíocht**

Nuair a fiafraíodh díobh faoi úsáid agus ról na teicneolaíochta chun tacú le téacsanna a theagasc, bhí éagsúlacht mhór ann i dtuairimí na múinteoirí. I roinnt cásanna, ní raibh rogha na teicneolaíochta ann. I gcásanna eile, bhí fáil ar theicneolaíocht trí sheomra ríomhaire nó tralaí gléasanna a chur in áirithe, rud a bhí ina údar frustrachais mar ba mhinic a bhí gá le cothabháil a dhéanamh ar na ríomhairí/táibléid. I roinnt scoileanna, cuireadh ábhair imní in iúl amhail Wi-Fi nach féidir brath air agus rochtain theoranta ar shuíomhanna gréasáin mar gheall ar bhallaí dóiteáin idirlín. Bhí cead fón póca a úsáid i roinnt de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu, ach i scoileanna eile bhí beartais i bhfeidhm maidir le rochtain theoranta ar na fóin póca.

Sna cásanna inar úsáideadh teicneolaíocht sna ceachtanna, bhain na scoláirí taitneamh as an éagsúlacht a tugadh le suíomhanna gréasáin agus aipeanna dá n-eispéireas foghlama. Dúirt roinnt múinteoirí go bhfuil sé deacair cleachtaí litrithe agus gramadaí a dhéanamh ar bhealach níos taitneamhaí, ach mar sin féin, cheap roinnt acu go bhfuil tairbhe ag baint le haipeanna ar nós *Kahoot* a úsáid chun foghlaimeoirí a spreagadh.

Cheap scoláirí go raibh tairbhe ag baint le quizeanna agus ceisteanna ilroghanna, go háirithe nuair a úsáideadh iad chun dul siar a dhéanamh. I roinnt de na fócasghrúpaí, luaigh scoláirí an tairbhe a bhaineann le rochtain a bheith ar thimpeallachtaí fíorúla foghlama (m.sh. Teams/Google Class srl.) ina roinneann múinteoirí inneachar ón rang. Cheap líon beag scoláirí go raibh sé úsáideach fóram ar líne a bheith ann chun ceisteanna a chur faoi obair ranga/obair bhaile. Labhair roinnt múinteoirí faoin dea-thionchar a bhí ag míreanna fuaime a thaifeadadh ar mhuinín na scoláirí a fheabhsú.

Labhair formhór na scoláirí go dearfach faoi fhoclóirí ar líne, ach dúirt roinnt acu go mbíonn sé dúshlánach ag amanna iad a úsáid, m.sh. nuair a tugadh go leor roghanna dóibh tar éis cuardach simplí a dhéanamh, ba mhinic a roghnaigh siad an téarma mícheart agus go raibh orthu cuardach eile a dhéanamh dá bharr. Dúirt líon beag scoláirí gur mhaith leo treoir a fháil maidir le foclóirí ar líne a úsáid chun tacaíocht níos fearr a fháil lena gcuid oibre ranga agus oibre baile.

# Múineadh na Litríochta Gaeilge ag an Iarbhunleibhéal:

# Cad Chuige agus Cur Chuige

**An tOllamh Muiris Ó Laoire**

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Coimisiúnaithe ag an

gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Deireadh Fómhair 2024

## 1. Réamhrá

Féachtar sa phléchháipéis seo le sainmhíniú ar théacs litríochta a sholáthar agus pléitear na cúiseanna  oideachasúla, seachas a chéile a mholtar an litríocht a shaothrú sa rang Gaeilge ag an iarbhunleibhéal. Anuas air sin, tá gearrmhachnamh déanta ar mheasúnú na litríochta. San aguisín, déanfar mionléiriú ar mholtaí faoi chuir chuige ina bhféadfaí téacsanna litríochta a chomhtháthú le forbairt scileanna teanga sa rang Gaeilge.

## 2. Litríocht ar chlár siollabas Ghaeilge na hiarbhunscoile

Ó cuireadh tús le múineadh na Gaeilge san iarbhunscoil, bhí téacsanna litríochta i gcónaí mar chuid den siollabas agus ón tús, d'fhéach múinteoirí le na téacsanna litríochta ab fhiúntaí agus ab oiriúnaí do scoláirí a chur ar an siollabas sin. An rud is suntasaí faoin gclár litríochta ar shiollabas Ghaeilge na hiarbhunscoile i mblianta luatha an Stáit (fógraíodh i 1927 go mbeadh an Ghaeilge éigeantach ar chlár na n-iarbhunscoileanna)  ná a mhéad saoirse a bhí ag múinteoirí leis na téacsanna litríochta ab oiriúnaí dá scoileanna féin a roghnú (Ó Laoire, 1994; 2002). De réir a chéile, thosaigh múinteoirí ag éileamh théacsanna próis agus filíochta dualgais; agus ó 1941 ar aghaidh, ba iad téacsanna dualgais amháin a bhí ar an gclár. Ba é an siollabas céanna a bhí á chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lasmuigh di. Amhail litríocht an Bhéarla a bhí mar dhlúthchuid den siollabas sin faoi anáil an léinn chlasaicigh, rinneadh talamh slán de théacsanna litríochta Gaeilge a bheith mar dhlúth agus inneach mhúineadh na Gaeilge.

Ar sála an tsaoroideachais do scoláirí iarbhunleibhéil sna seascaidí déanacha, bhí ceisteanna á n-ardú de réir a chéile faoi oiriúnacht an chúrsa thraidisiúnta litríochta  (Hopkins, 1984) toisc é a bheith "…ag marú na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna" (Ó Dubhthaigh 1978:28). An réiteach ar an scéal, dar le tráchtairí áirithe, ag an am sin, ná baint den "ualach litríochta" a bhí ar an gcuraclam de bharr é bheith iomarcach agus fáil réidh leis an mbéim ar an bhfocal scríofa chun cloí go príomha leis an teanga labhartha (Cronin 2019:12).

Sna hochtóidí, nuair a rinneadh na siollabais Ghaeilge a athnuachan faoi scáth theoiric an chur chuige chumarsáidigh, gearradh siar ar an méid téacsanna litríochta a bhí le saothrú ag scoláirí ag an tsraith shóisearach agus ag an tsraith shinsearach araon, agus socraíodh go mbeadh rogha acu idir cúrsa iomlán roghnach agus cúrsa litríochta ainmnithe. Thángthas ar an socrú sin i dtreo is go mbeadh an cúrsa ábhartha agus taitneamhach do scoláirí. Mar sin féin, tá fianaise áirithe ann go mothaíonn scoláirí  difríocht idir a saol féin mar dhaoine óga agus an cineál saoil a nochtaítear sa litríocht Gaeilge agus bíonn íomhá dhiúltach ina leith acu dá dheasca (Ní Dhonnabháin 2014:171-172). Cé go ndealraíonn sé le déanaí go raibh scoláirí na sraithe sóisearaí sásta leis an raon téacsanna litríochta atá ar fáil, fós b'ábhar gearáin agus míthaitnimh acu é an méid téacsanna litríochta a bhí le déanamh (Mac Gearailt agus Ó Duibhir 20232:33-44). Ag eascairt as aiseolas an Athbhreithniú Luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach (Mac Gearailt agus Ó Duibhir, 20232), rinneadh leasuithe ar na nithe seo a leanas:

- íosmhéid na dtéacsanna liteartha a mbíonn scoláirí á n-ionramháil thar na trí bliana den tSraith Shóisearach do T1 agus T2 chomh maith leis na seánraí atá le fiosrú
- liosta na dtéacsanna liteartha molta don chéad bhliain T1 agus T2 agus liostaí dualgais de théacsanna liteartha don dara agus don tríú bliain T1 agus T2.

Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Sealbhú[1], Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun tabhairt faoi athbhreithniú agus staidéar leantach a bhaileoidh aiseolas níos mionsonraithe ar thaithí scoileanna maidir le bheith ag obair leis na sonraíochtaí T1 agus T2. Díreoidh an taighde ar chohórt scoláirí a thosaigh ar an tSraith Shóisearach i Meán Fómhair 2023. Mairfidh an taighde fadama seo trí bliana.

I dtuairisc[2] Choimisiún na Scrúdaithe Stáit (2023) ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach, bhí an méid seo a leanas le rá agus le moladh faoi mhúineadh na litríochta:

"Tá sé riachtanach an litríocht a úsáid mar fhoinse agus mar uirlis teagaisc agus foghlama chomh maith le stór focal a shaibhriú agus a leathnú. Mar atá ráite sa tsonraíocht, 'moltar forbairt scileanna teanga agus litríochta a chomhtháthú sa seomra ranga chun tacú le forbairt teanga na scoláirí'. Is tríd an gcur chuige seo a fhorbróidh iarrthóirí an cumas na scileanna teanga ar fad a léiriú agus iad ag freagairt don litríocht" (Coimisiún na Scrúdaithe Stáit, 2023).

Agus an cúlra seo san áireamh is mithid, mar sin, sa phlécháipéis seo, ról agus feidhm na litríochta Gaeilge ar chlár shonraíochtaí na hiarbhunscoile a iniúchadh agus a phlé.

## 3. Cad is téacs litríochta ann?

Is iomaí tuiscint atá ann ar cad is "téacs" ann. Le roinnt blianta anuas, táthar tar éis cur go mór leis an tuiscint nó leis an gcoincheap traidisiúnta de théacs a mhair riamh anonn mar shaothar i bprionta, a raibh stádas agus guth údarásach na canóine ag roinnt leis. Sa lá atá inniu ann áfach, murab ionann agus blianta ó shin, ní rud neamhghnách é ar chor ar bith, guthanna "nua" a chloisteáil i dtéacs ar shiollabas litríochta, seachas guthanna na bhfear agus guthanna daoine geala amháin (Mowitt, 2002). Tá mar a bheadh iliomad guthanna nó iolrachas ag baint leis an gcoincheap anois. Tá sé suimiúil, dá fhianaise sin, scagadh achomair a dhéanamh ar an éabhlóid a tháinig thar na céadta ar ár dtuiscint ar cad is téacs litríochta ann .

Is cinnte go bhfuil dúil ag an duine daonna ó riamh anall rian éigin a fhágáil de féin sa saol, trí fhéinléiriú cruthaitheach a mhairfeadh go buan a chur i gcrích. Rian físeach a bhí i gceist ar dtús báire sna léirithe ba luaithe sna pictiúir réamhstairiúla uaimhe. Sular forbraíodh an scríobh mar chóras comharthaí, (picteagraif nó aibítir), bhí an litríocht ó bhéal ann. Ach de réir a chéile, agus le linn na gcéadta, samhlaíodh téacsanna leis an bhfocal scríofa seachas an rud físeach ná leis an litríocht ó bhéal. Ba i seánra na drámaíochta amháin a coimeádadh an ghné fhíseach agus an ghné ó bhéal, a claochlaíodh sa scannánaíocht sa bhfichiú haois.

Sa lá atá inniu ann, ar leathanaigh ghréasáin, bíonn an scríobh nasctha le fuaimeanna, pictiúir agus gearrthóga físe. Anuas air sin, le roinnt blianta anuas, tá aird á tabhairt ar an úrscéal grafach mar mheán eile a nascann an fhís agus an focal scríofa. Mar sin, is réimse é an litríocht chomhaimseartha anois atá níos oscailte do mheáin eile mar an stáitse, ealaín, scannán, ceol agus an t-idirlíon.

[1] https://www.dcu.ie/sealbhu

[2] IR-AR-58504032.pdf (examinations.ie)

## 4. An chanóin

Sa litríocht, is éard atá sa chanóin ná bailiúchán saothar a mheastar a bheith ionadaíoch ar thréimhse nó ar sheánra. Is ionann í agus "dea-litríocht" a bhfuil séala na n-údaras (lucht na critice agus an acadaimh) uirthi agus a bhfuil glacadh forleathan léi mar shlat tomhais do shaothar litríochta ar bith a chuirtear ar churaclam oideachais. Ar feadh na gcéadta bliain, ba shaothar scríofa ag fir go príomha a bhí ann nach raibh ionadaíoch ar chultúir ná ar fhochultúir an domhain ina iomláine. Le himeacht ama, tá athrú suntasach tar éis teacht ar chineál agus cháilíocht na saothar a nglaotar an chanóin orthu agus anois, glactar le seánraí sa chanóin ó údair agus ealaíontóirí a bhfuil iolarthacht chúlraí agus chultúr acu.

Bíonn dearthóirí curaclaim agus múinteoirí ag brath ar an gcanóin chun litríocht a shaothrú le scoláirí le blaiseadh a thabhairt dóibh ar shaothair agus ar sheánraí difriúla. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go n-áireofaí sa chanóin, saothair atá ionadaíoch ar an tsochaí agus ar chultúir (lena n-áirítear fochultúir) chomhaimseartha. Is dócha go leanfar ar aghaidh i gcónaí le ceisteanna faoi na saothair ar fiú staidéar a dhéanamh orthu de réir mar a athraíonn noirm chultúir agus béascna.

## 5. Cén fáth litríocht sa chéad áit?

Tá an tairbhe a bhaineann le saothrú théacs litríochta sa rang Gaeilge curtha go beacht sna sonraíochtaí sa tSraith Shóisearach:

"Is éard is téacs litríochta ann ná téacs ina bhfuil léiriú ar bhail nó ar chúinsí an duine aonair, ar scéal a eascraíonn as mothúcháin, as taithí saoil, as cuimhní, as cruachás na staide daonna... Baineann saothair chruthaitheacha; scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht" (An Roinn Oideachais, Sonraíocht Ghaeilge (T1 agus T2) na Sraithe Sóisearaí).

Is léir ón sainmhíniú seo ar théacs litríochta go mbaineann litríocht go dlúth le cúinsí an duine dhaonna, agus i ngeall air seo, tá feidhm oideachasúil ag roinnt léi. Is léir, chomh maith, gur cuid den tsiamsaíocht laethúil (Comhairle na hEorpa, 2020:51;206) agus den éalúchas ealaíonta í an litríocht a bhfuil cur amach agus tóir ag daoine uirthi sa saol comhaimseartha.

Is mór idir téacs ina bhfuil prós tuairisciúil nó téacs léiritheach[3] (a mbíonn taithí ag scoláirí orthu i bhfoirm ghiotaí léamhthuisceana) agus téacs cruthaitheach:

| Téacs léiritheach | Téacs cruthaitheach |
|---|---|
| Uirliseach | Aeistéitiúil |
| Fíricí | Samhlaíocht |
| Loighciúil | Iomasach |
| Neamhphearsanta/Oibiachtúil | Pearsanta/ Suibíochtúil |
| Meon an smaoinimh | Meon mothúchánach |
| Meallann sé an intleacht go príomha | Meallann sé na céadfaí/mothúcháin go príomha |

[3] Is ionann téacs léiritheach (*expository*) agus téacs a scríobhtar nó a chuirtear le chéile chun míniú nó eolas a thabhairt nó chun cur síos ar rud éigin, m.sh sliocht nó giota léamhthuisceana.

| | |
|---|---|
| De réir gnásanna | Sáraíonn gnásanna go minic |

Bíonn an bhéim ar fhíricí oibiachtúla i dtéacs léiritheach, ach, i gcodarsnacht leis sin, spreagtar an téacs cruthaitheach go haeistéitiúil ina mbíonn léiriú samhlaíoch ar mhothúcháin, ar imeachtaí, ar charachtair agus ar thaithí saoil. Is gníomhaíocht phearsanta iomasach atá ann. Murab ionann agus an téacs cruthaitheach a d'fhéadfadh nósmhaireachtaí liteartha a shárú, cuirtear an téacs léiritheach i láthair de réir gnásanna cinnte liteartha. Is féidir an téacs cruthaitheach a léamh ar leibhéil éagsúla mar bíonn léirmhínithe iolracha i gceist.

## 6. Feidhmeanna oideachasúla na litríochta

### 6.1 Teanga agus litearthacht

Is foinse dea-theanga é an téacs litríochta. Ní foláir a mheabhrú go gcumtar an litríocht don phobal teanga féin sa chéad áit, seachas don fhoghlaimeoir, agus is sampla é d'ábhar dílis ina mbíonn réimse leathan réimeanna agus stíleanna teanga i gceist, a chabhraíonn le foghlaimeoirí agus iad i mbun fhorbairt agus shaibhriú inniúlachtaí teanga.

Tá an litearthacht aitheanta ina dlúthchuid den eolas, de na scileanna agus de na luachanna a bhronnann an curaclam ar an scoláire (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 2022:26). Is iomaí cineál litearthachta atá ann nuair a thagann sé chomh fada le dul i ngleic le téacs litríochta. Is cuid thábhachtach den litearthacht chultúrtha é, mar shampla, saothrú na litríochta. Is é atá sa litearthacht chultúrtha ná cumas an duine tuiscint a fháil ar na miondifríochtaí caolchúiseacha ar fad a bhaineann le maireachtáil i sochaí ar leith. Is éard atá ann ná tuiscint a fháil ar theanga, ar mhodhanna, agus ar smaointe a bhaineann go sonrach le hiompar agus cumarsáid na sochaí sin. Baineann sé go suntasach le gach cultúr, cultúr na Gaeilge san áireamh (an cultúr comhaimseartha agus an cultúr stairiúil).

Baineann saothrú na litríochta le forbairt na litearthachta mothúchánaí chomh maith. Ciallaíonn an litearthacht mhothúchánach cumas an duine mothúcháin a aithint, a bhailíochtú agus a chur in iúl mar aisfhreagairt phearsanta ar théacs, chomh maith le mothúcháin daoine eile a aithint.

D'fhéadfadh litearthacht na meán a bheith i gceist chomh maith. Tagraíonn litearthacht na meán do chumas an duine tuiscint a fháil ar na teachtaireachtaí atá á n-insint ar an teilifís, raidió, cluichí físeáin, scannáin, cláir nuachta, na meáin shóisialta, agus go leor eile. Is ar an litearthacht dhigiteach atá mar dhlúthchuid de litearthacht na meán, a chuirtear béim go háirithe sa Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta (Rialtas na hÉireann, 2024) mar a leagtar amach sa straitéis chun scoileanna a chumhachtú chun leas a bhaint as deiseanna an chlaochlaithe dhigitigh agus chun inniúlacht dhigiteach a thógáil i measc múinteoirí agus foghlaimeoirí araon.[4]

Tá coincheap na litearthachta aistrithe go mór le roinnt blianta anuas agus anois, cuimsíonn an litearthacht ilmhódach (multimodal literacy) meascán de théacsanna difriúla, téacsanna fuaime, ceoil, íomhánna agus físeáin ar raon teicneolaíochtaí agus ardán bogearraí san áireamh. Is úsáideoirí gníomhacha ar na meáin iad, ógánaigh an lae inniu agus tá tuiscint iomasach acu ar an litearthacht ilmhódach agus ar an teicneolaíocht nua-aimseartha. Tugann an taighde le fios, áfach,

[4] Féachfar san aguisín a ghabhann leis an bpléacháipéis seo le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht.

nach úsáideoirí sofaisticiúla i gcónaí iad agus go dteastaíonn 'treoir' uathu agus i mbun na litearthachta ilmhódaí (Martin, 2020). Mar sin, is gá "cumas an scoláire a mhéadú agus a bheachtú le teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid go cruthaitheach, go criticiúil agus go sábháilte, mar thaca lena bhforbairt, foghlaim agus cumas páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta"[5] (Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí).

Ní mór é seo a chur san áireamh agus téacsanna litríochta á saothrú sa rang. Tá fianaise ann go n-éiríonn scoláirí as blaiseadh na litríochta má úsáideann múinteoirí cur chuige traidisiúnta páipéarbhunaithe agus má chuirtear an bhéim ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair (Flanagan agus Hall, 2017). Mar sin, cé go nglactar leis gur coincheap éabhlóideach í an litearthacht, tá sé thar a bheith tábhachtach na litearthachtaí nua a chur san áireamh agus an litríocht á saothrú sa rang Gaeilge. Tá féidearthachtaí tábhachtacha anseo na seánraí difriúla a chur ar a súile do scoláirí agus an difear, cuir i gcás idir dán agus amhrán agus úrscéal, gearrscéal agus dráma a mhúineadh.

## 6.2. Dearcadh "eile" ar an saol

Nascann an litríocht eispéiris scoláirí le heispéiris iomadúla na beatha. Is féidir leo ionannú le téamaí eagsúla mar a nochtaítear i dtéacsanna litríochta iad, mar ghrá, laochas, cúrsaí clainne agus díomá, cuir i gcas. Uaireanta, castar ar théamaí agus ar dhearchthaí eile a bhíonn lasmuigh de raon eispéireas scoláirí i gcoitinne, m.sh., fuadach, uaigneas, fulaingt dhaonna, cumha agus cogadh. Bíonn deis ag múinteoirí idirghníomhaíochtaí difriúla a eagrú sa rang chun deis a bheith ag scoláirí tuairimí agus saoltaithí i leith théamaí na dtéacsanna litríochta seo a chur in iúl. Ní gá cloí le plé amháin chuige seo, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as rólimirt, drámaí, cluichí agus scríbhneoireacht chruthaitheach go fiú téamamhráin a chumadh nó gearrscannáin ar an bhfón póca, gearrthóga idirlín a dhéanamh chomh maith céanna.

## 6.3. Guth an phobail agus guth na Gaeltachta

"Is i litríocht na Gaeilge sin atá fírinní ár sinsir agus fírinní agus réaltacht an tsaoil chomhaimseartha" (Ó Laoire 2004:147). Bhí guth an phobail le cloisteáil riamh anall i litríocht na Gaeilge. Is cuid an-tábhachtach de chorpas litríocht na Gaeilge, í litríocht na Gaeltachta, mar shampla, a cheanglaíonn sinn leis an oidhreacht teanga gan bhriseadh; agus a bhfuil scáthánú inti ar spioradáltacht agus ar luacha an phobail stairiúil agus chomhaimseartha. Is tobar luachmhar na teanga agus an bhéascna é. Trí mheán na litríochta, seachadtar eispéiris, críonnacht, dúil agus dua an phobail ar a dtugtar saíocht. Ina éagmais sin, mar a mheabhraigh Ó Doibhlin (1973) dúinn, níl sa teanga ach córas tur siombal.

Mar sin, tá sé tábhachtach go nochtaítear do scoláirí an lae inniu, fírínní ár sinsir i litríocht an laochais, sa traidisiún béil, sa seanchas mar shampla, anuas ar shaibhreas teanga na litríochta comhaimseartha i dtreo is go mbíonn tuiscint acu ar ar an oidhreacht chultúrtha i gcoitinne. Tá sé seo fíor chomh maith ar ndóigh i gcás na litríochta a chumtar ag údair, filí agus stiúrthóirí scannáin a mhair agus a mhaireann i saol na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a dhéanann scáthánú ar shaol idir dhá chultúr agus ar dhán stairiúil agus comhaimseartha na teanga.

5 NCCA-JC-Short-Course-DML-Gaeilge.pdf (curriculumonline.ie)

## 6.4. Forás pearsanta agus forbairt mhothúchánach

Is acmhainn thábhachtach í an litríocht don fhorbairt mhothúchánach. Cruthaíonn téacsanna litríochta deiseanna don scoláire comhionannú le carachtair agus leis na mothúcháin atá á nochtadh acu. Tacaíonn sé seo le scoláirí foghlaim faoi nádúr na daonnachta, faoi luacha daonna agus faoina saol féin. Tagann sé seo go mór leis an mbéim ar chúrsaí folláine san oideachais comhaimseartha, atá á háireamh, mar shampla, i bpríomhinniúlachtaí agus i bpríomhscileanna ón mbunscoil go deireadh na hiarbhunscoile (CNCM, 2023).

Tugtar léargas sa litríocht, ní amháin ar an saothar liteartha féin, ach tugtar spléachadh inti ar conas a fheidhmíonn an domhan mórthimpeall orainn chomh maith. Trí iniúchadh a dhéanamh ar théacs litríochta ar bith, bíonn deis ag scoláirí iad féin a chur isteach i saol daoine eile, rud a chuireann leis an bhforás pearsanta agus mothúchánach agus rud a bhronnann tuiscint ar chastacht an chaidrimh dhaonna orthu. Bíonn de thoradh air sin go dtugtar sásamh áirithe tochta aestéitiúl agus iomasach dóibh. Seo buntáiste suntasach chun an fholláine dhaonna a chur chun cinn. Is ionann é seo agus an t-oideachas le haghaidh maireachtála (Lazar 1993:19).

Is féidir le scoláirí taitneamh a bhaint as saothair litríochta a léamh, as ionannú le carachtair nó le téamaí na filíochta agus an phróis, bíodh is go mbeidis laistigh nó lasmuigh dá raon eispéiris féin. Áitíonn Rosenblatt (1995: 175): "The power of literature to offer entertainment and recreation", mar sin, is féidir le scoláirí tumadh i saol eile amhail is dá mbeidis ag éisteacht le na liricí ceoil is ansa leo ar cheirnín veinile nó ag féachaint ar fhíseán idirlín nó ar ghearrthóg Tik Tok. Baineann an fhilíocht agus an prós cruthaitheach le croí, le haigne, le mothúcháin agus le samhlaíocht agus bronntar  taitneamh, tairbhe agus saoirse dá mbarr. Mar sin, is den tábhacht é go gcuirtear an fhilíocht, an prós agus an scannán i láthair agus a ionramháil i slí a mhúsclóidh suim agus a spreagfaidh samhlaíocht na scoláirí.

Nuair a léann an scoláire dán, nó prós cruthaitheach (úrscéal, gearrscéal, dráma, nóibhille) nó nuair a fhéachann an scoláire ar scannán, tagann dhá aigne agus dhá eispéireas le chéile, aigne agus eispéireas an fhile/údair/stiúrthóra agus aigne agus eispéireas an scoláire. Téann an saothar ealaíona litríochta i gcion ar an té a léann agus bíogann sé é nó ní bhíogann, ag brath ar fhreagairt nó ar fhrithfhreagairt don téacs. Más téacs ealaíonta é, go minic, músclaíonn sé mothúcháin nó bíogann sé an tsamhlaíocht nó spreagann sé machnamh. Meabhraímis focail Uí Dhoibhlin (1973:21) anseo:

"Óir is é atá sa saothar litríochta teach leathbhealaigh a dtagann dhá phearsantacht le chéile, an scríbhneoir agus an léitheoir agus ina ndéanann siad caidreamh agus muintearas le chéeile. Tá a scáile féin fágtha ag an scríbhneoir sa dán, sa dráma, san úrscéal  agus tá an scáile sin ag fanacht go foighdeach sa chló agus sa leabhar mar a bheadh an djinn i lampa draíochta Alaidin ag fanacht go dtaga an léitheoir, go scaoiltear amach é agus go ndéana sé a éacht. Tá an scáille seo ag brath orainne, léitheoirí, sa mhéid seo: go gcaithfimid sinn féin a thabhairt ar iasacht dó idir chorp agus aigne, idir mhothú agus shamhlaíocht"

## 6.5. Scileanna critice/léirmheastóireachta

Cothaíonn saothrú na litríochta deiseanna cumarsáide, idirghníomhaithe agus idirphlé a mhúsclaíonn samhlaíocht an fhoghlaimeora agus a thacaíonn le forbairt scileanna cumarsáide, criticiúla agus cruthaitheacha. Scríobh is mó a shamhlaítear leis an litríocht ach is í an labhairt is nádúrtha i gcomhthéacs an eispéiris dhaonna; má léitear leabhar, má bhreathnaítear ar scannán nó má chloistear amhrán, cuir i gcás, seans maith go labhrófaí faoi ar dtús. Mar sin, moltar labhairt na

teanga a shaothrú i gcónaí agus gan  fanúint taobh le léamh agus le scríobh amháin agus téacs litríochta á ionramháil le linn an rang Gaeilge.

Tugtar deis do scoláirí scileanna léirmheastóireachta a fhorbairt. Dé réir mar a cheaglaíonn siad eispéiris na n-údar, na bhfilí agus na stiúrthóirí scannáin lena saoltaithí féin, téann siad i ngleic le teanga an téacs nó le cineamatagrafaíocht an scannáin agus déanann siad machnamh ar an gcaoi ina roghnaítear focail, íomhánna, samhlacha, meafair, siombailí, an claochlú samhlaitheach 7rl.  Is iad focail amh-ábhar téacsanna litríochta agus íomhánna amh-ábhar na scannánaíochta. Tá na focail agus na híomhánna seo (an chineamatagrafaíocht) in ann mothú beo a dhúiseacht san aigne agus sa chroí. Is iad úsáid agus léiriú cruthaitheach na bhfocal agus na n-íomhánna a bhíonn sa téacs litríochta. Trí dhíriú go criticiúil ar théacsanna litríochta, forbraíonn scoláirí a gcuid scileanna anailíse, léirmhínithe, comparáide agus araile agus bíonn deis acu, dá réir, cur go mór lena gcuid scileanna labhartha (labhairt faoin saothar) agus scríofa. Cuireann siad aithne ar thréithe carachtar agus ar théamaí agus foghlaimíonn siad conas labhairt agus scríobh faoin gcaoi a chuirtear ina láthair sa téacs iad agus tuairimí a nochtadh fúthu.

# 7. Múineadh théacsanna litríochta

## 7.1. Téacsanna litríochta agus an fhoghlaim teanga

Dar le Collie agus Slater (1990, 145) is é ceann de na príomhchúiseanna a úsáideann múinteoirí téacsanna litríochta sa seomra ranga ná teanga scoláirí a shaibhriú. Úsáideann scoláirí téacsanna litríochta, ní hamháin le haghaidh léirmhínithe agus faisnéise, ach is modh nó bealach fíoréifeachtach atá iontu chomh maith chun teanga a fhoghlaim. Cuireann an litríocht sármhúnla agus eiseamláir teanga ar fáil dóibh siúd a chloiseann agus a léann é. Ní foláir a mheabhrú arís nach don fhoghlaimeoir a chumtar litríocht sa chéad áit ach don úsáideoir nádúrtha teanga, bíodh sé sin ina chainteoir dúchais nó ina nua-chainteoir. Trí úsáid a bhaint as téacsanna litríochta, foghlaimíonn scoláirí focail nua, comhréir, nathanna dúchais cainte agus feidhmeanna dioscúrsa agus forbraíonn siad a scileanna scríbhneoireachta agus labhartha dá bharr. Bíonn sé mar sprioc go ndéanfadh scoláirí aithris d'aonghnó ar an saibhreas teanga atá sna téacsanna litríochta agus go rachaidh sé chun tairbhe a gcuid stór pearsanta teanga féin.

Thairis sin, tá ról tábhachtach ag an litríocht i bhfoirmiú scileanna agus nósanna léitheoireachta. Mar sin, bíonn deis ag scoláirí gramadach, struchtúr, réim agus comhréir na teanga a bhlaiseadh agus a thuiscint i gcomhthéacs. Anuas air sin ar fad, bíonn eiseamlárú agus dul na teanga sa téacs litríochta a d'fhéadfadh tuiscint ar nádúr agus ar eisint na teanga a bhronnadh ar scoláirí. Spreagtar scileanna labhartha má bhíonn fonn ar scoláirí aisfhreagairt don téacs a thabhairt ó bhéal anuas ar scileanna machnamhacha a fhorbairt agus an chruthaitheacht a chur chun cinn. Mar sin, ní mór cúram a dhéanamh den fhorbairt, den saibhriú agus den bhuanú teanga i gcónaí trí na téacsanna a chomhtháthú leis an gceacht nó leis an aonad teanga. Ní mholtar, dá bhrí sin, téacsanna litríochta a scarúint agus a ionramháil go neamhspleách ar mhúineadh  agus ar fhoghlaim na teanga féin.

## 7.2. Dúshláin

Uaireanta braithear go mbíonn caighdeán nó leibhéal teanga an téacs litríochta thar raon cumais scoláirí áirithe agus áirítear go mbíonn siad ag streachailt le brí a bhaint as an téacs féin dá dheasca. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu nuair a thagann sé chomh fada le léitheoireacht nó díchódú an téacs féin, nó, ní bhíonn a ndóthain teanga sealbhaithe acu chun tabhairt faoi. Bíonn an oiread sin deacrachtaí ag scoláirí le cineál agus le réim na teanga na dtéacsanna féin nach mbaineann siad taitneamh astu mar ba dhual dóibh. Téann na deacrachtaí sa mhuileann orthu agus éiríonn siad as iarracht a dhéanamh iad a shárú. Muna mbíonn an cumas seo ag scoláirí, géilltear don aistriúchan tur, leamh, focal ar fhocal. Tugtar achoimrí agus foghlaimítear de ghlanmheabhair iad maille le nótaí mar lón cogaidh do cheisteanna an scrúdaithe agus éiríonn siad as bheith ag gabháil do théacsanna litríochta dá bharr.

Sa chás seo agus mar dhlúthchuid den dea-chleachtas ag plé le scoláirí le gach leibhéal cumais moltar go seachnaítear i gcónaí an dá chleachtas seo a leanas:

1. Aistriúchán focal ar fhocal a dhéanamh ar théacs

2. Achoimrí agus nótaí a thabhairt le foghlaim de ghlanmheabhair

An rud is tábhachtaí ná gach deis a chur ar fáil do scoláirí a gcuid féin a dhéanamh den eispéireas dhaonna atá nochtaithe nó go fiú folaithe sa téacs litríochta agus é sin a chur i bhfriotal sa labhairt, sa scríobh nó tríd an litearthacht dhigiteach. Chuige sin, moltar:

- Straitéisi léitheoireachta a mhúineadh do scoláirí roimh ré
- Straitéisí sáraithe deacrachtaí maidir le téacs a léamh a mhúineadh
- Úsáid a bhaint as foclóirí agus ríomhfhoclóirí chun teacht ar bhrí na bhfocal.
- An téacs a bhriseadh suas i sleachtaí gearra atá níos inléite
- Leagan digiteach den téacs a úsáid agus nótaí digiteacha a dhéanamh de na deacrachtaí-línte a chur faoi fhocal, nótaí a dhéanamh, míniú focal a léiriú chun teacht roimh na deacrachtaí.
- Piarléitheoireacht le linn obair beirte nó obair ghrúpa le scoláirí eile den chumas céanna chun tacaíocht a thabhairt dá chéile agus piarléitheoireacht le scoláire/scoláirí a bhfuil scileanna maithe agus taithí thairbheach acu.
- Achoimrí agus nótaí dá gcuid féin a scríobh, dá laghad iad ón tús agus cur leo de réir a chéile agus de réir mar a bhronntar féinmhuinín agus misneach.

Ardaíonn Duff agus Maley (2007) raon leathan ceisteanna ina leith seo maidir le téacsanna a roghnú. Seo cuid de na ceisteanna:-

1. An bhfuil an t-ábhar suimiúil do na foghlaimeoirí? An bhfuil siad ábalta ionannú leis an ábhar, le na carachtair 7rl ann?

2. An bhfuil an stíl liteartha sothuigthe? – caithfidh na téacsanna a bheith oiriúnach do leibhéal tuisceana agus chumas na scoláirí.

3. Maidir le fad téacs, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos fusa téacsanna níos giorra a úsáid laistigh den am ranga atá ar fáil.

In aguisín na plécháipéise seo, déantar tuilleadh moltaí maidir le saothrú théacsanna litríochta agus iad á gcomhtháthú i gcónaí ar ndóigh leis an gceacht nó leis an spriocaonad teanga.

## 7.3. Dhá chur chuige

Go bunúsach, tá dhá chur chuige aitheanta maidir le múineadh, foghlaim agus tástáil théacsanna litríochta sa rang teanga:

1. Cur chuige an tseachadta (Transmission approach)
2. Cur chuige soch-chultúrtha

### 7.3.1. Cur chuige an tseachadta

Seo an cur chuige traidisiúnta agus an ceann is mó atá in úsáid i ranganna teanga go minic. An íomhá a thagann chun cinn anseo láithreach ná go mbíonn scoláirí ina suí i sraitheanna díreacha agus an múinteoir os a gcomhair (Beach et al 2021: 5) ag léamh an téacs agus í/é á gceistiú faoi. Is é an múinteoir a dhéanann gach rud a stiúradh agus a sheachadann an t-eolas go léir faoin téacs, faoi na téamaí, na carachtair, na ciútaí liteartha 7rl. Meabhraíonn an cur chuige seo samhail baincéireachta an oideachais de chuid Freire (1973) do Beach et al: (2021:6) "You then given students tests to determine if they can replicate what you taught them". Bíonn an bhéim anseo ar an téacs "a chlúdach" ó thús deireadh. Bíonn an clúdach níos tábhachtaí ná léirmhíniú ná aisfhreagairt phearsanta na scoláirí don téacs, ná turas taiscéalaíoch tríd an téacs féin. Ról neamhghníomhaíoch a bhíonn ag scoláirí sa phróiseas seo ag glacadh eolais seachas bheith ag cruthú aisfhreagartha gníomhaí. Tá trácht déanta ag Schowalter (2002:13) ar an ndúshlán a bhaineann leis an gcur chuige mar seo a leanas:

"...obsession with coverage and content is one of the main barriers to good teaching....instead of aiming for comprehehsive coverage, we have to think about what students need to read in order to establish a basis for further learning."

Bíonn tábhacht faoi leith ag baint leis na téacsanna agus nótaí fúthu agus gach gné a bhaineann leo a chlúdach go cuimsitheach. Ní hionann seo agus a mhaíomh go mbíonn scoláirí páirteach sa phróiseas foghlama seo nó fiú go mbíonn siad meáite ar eolas faoi na téacsanna a aimsiú. Cuireann Beach et al (2021:6) síos ar dhúshlán na neamhghníomhaíochta i measc scoláirí má chloítear le cur chuige seo an tseachadta:

"All of this positions students to assume relatively passive dependent roles in the literature classroom. While you as a teacher certainly play a central role in scaffolding and modelling ways of interpreting literature, students need to be actively engaged in practising responding to literature with peers and they will not have that opportunity if they are passively watching the teacher perform."

D'fhonn scoláire a threorú le dul ar thóir an eolais go neamhspleách ar an múinteoir maidir le téacs litríochta a shaothrú, moltar cur chuige soch-chultúrtha.

### 7.3.2. Cur chuige soch-chultúrtha

De réir teoiricí soch-chultúrtha atá tagtha go mór chun cinn i réimse an oideachais le roinnt blianta anuas, tá an fhoghlaim lonnaithe laistigh d'eispéiris agus de chomhthéacsanna sóisialta. Is ionann seo is a rá gurb ann don fhoghlaim nuair a bhíonn scoláirí ag feidhmiú mar bhaill de phobal nó de

ghrúpa.  Seo cleachtais dhaonna shóisialta trína gcuirimid aithne orainn féin agus trína sealbhaímid eolas agus taithí saoil. Mar sin, d'fhéadfadh scoláirí teacht ar an eolas agus ar an bhféinaithne seo agus iad ag freagairt do théacs litríochta agus iad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta mar phiarobair, obair ghrúpa, obair beirte, agus iad i gcónaí mar chuid de shlua a bpiaraí. Tugtar an Léann Nua Liteartha nó New Literary Studies go minic ar an gcur chuige seo (Pahl & Rowsell, 2012). Sa chur chuige seo, is ionann an scoláire nó an foghlaimeoir agus ball de phobal cleachta na foghlama gníomhaíochta. Míníonn Beach et al (2021:7) arís a bhfuil i gceist:

"Many secondary school students are not familiar with what it means to participate in a literary community of practice.[6] They have grown accustomed to teacher-centered approaches to literature. As a teacher your job is to invite them into this community and to demonstrate for them the kinds of dialogue, inquiry and interpretitive engagement that participating in a literary community of practice entails".

Cad a chiallaíonn an cur chuige seo go baileach? Seo a leanas comharthaí sóirt an chur chuige seo:

• Bíonn saoirse ag scoláirí a gcuid téacsanna féin a roghnú de réir a raon spéise agus cumais;

• Bíonn rogha acu maidir le hidirghníomhaíochtaí a léiríonn a gcuid aisfhreagartha don téacs a chur in iúl;

• Déanann scoláirí na hidirghníomhaíochtaí seo a phleanáil agus a dhearadh roimh ré i gcomhar leis an múinteoir;

• Níl gach scoláire sa rang ag gabháil don téacs céanna litríochta ag an am céanna an t-am ar fad. D'fhéadfadh scoláirí a bheith ag gabháil do théacsanna difriúla i ngrúpaí nó ina n-aonar;

• Cuireann siad tuairimí agus mothúcháin in iúl agus roinneann siad a gcuid léargas ar an gcaoi a ionannaíonn nó nach n-ionannaíonn siad leis na téacsanna litríochta trí ghníomhaíochtaí difriúla a chur i bhfeidhm, mar shampla: cuir i láthair aonair agus grúpa, gearrthóga fiseáin a dhéanamh, drámaí agus rólaithris, léamh difriúil a dhéanamh ar charactair agus téamaí, liricí amhráin a chruthú ar théamaí agus charachtair, deirí difriúla a chumadh, téacsanna físeacha nó grafaice a chruthú, blaganna a scríobh agus a roinnt, téamaí a chur i gcomparáid le ceisteanna comhaimseartha sóisialta agus polaitiúla, athinsintí a chruthú, comparáideanna a dhéanamh le saothar litríochta/ealaíne eile, fadhbanna a réiteach (Freire 1973);

• Agus iad ag gabháil do théacs litríochta, cuireann siad a gcuid deacrachtaí  agus dúshlán in iúl go machnamhach (m.sh stór focal nua, leaganacha agus ciútaí cainte) don mhúinteoir/don  ghrúpa/ don rang);

• I scrúdú nó i dtástáil ar thuiscint agus ar aisfhreagairt don téacs litríochta, cuirtear béim ar labhairt ach go háirithe agus ar chuir i láthair ó bhéal mar aon le blaganna agus nótaí pearsanta, seachas fanúint taobh le freagraí scríofa amháin.

## 8. Measúnú

Moltar go ndéantar measúnú ar théascsanna litríochta a chomhtháthú le measúnú ar scileanna teanga. Braitheann an measúnú go príomha ar an gcuspóir a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar théacsanna litríochta sa chéad áit. D'fhéadfaí ceist a ardú faoina raibh i gceist leis an gcuspóir sin.

---

[6] Scoláirí a ghlacann páirt sa chomhfhoghlaim faoin litríocht as a stuaim féin go neamhspleách ar mhúinteoirí.

D’fhéadfadh eolas ar na téacsanna amháin a bheith mar phríomhchuspóir, ach d’fhéadfadh éispéireas agus aisfhreagairt na scoláirí don téacs a bheith chun tosaigh sa chuspóir céanna chomh maith.

Más eolas ar an téacs amháin a bhíonn mar chuspóir, ní bheadh á lorg sa mheasúnú ach an t-eolas sin. Toisc go moltar cur chuige soch-chultúrtha agus an téacs a bheith á chomhtháthú leis an teanga, moltar sa mheasúnú leanúnach foirmitheach agus sa mheasúnú suimitheach an bhéim a chur ar thuairimí i dtaobh an téacs litríochta a nochtadh agus an ceangal le saoltaithí agus éispéiris scoláire á chur san áireamh. Mar sin, is den tábhacht é gur ar ghníomhaíochtaí ar aon dul le na gníomhaíochtaí ranga a bheadh an measúnú bunaithe. Sa tslí sin, féachtar chuige go mbeadh an teagasc agus an measúnú ag réiteach le chéile.

Bíonn tionchar doshéanta ag an measúnú, go háirithe an scrúdú deiridh ar an gcineál cur chuige agus cleachtais a thiteann amach sa seomra ranga. Mar sin, má bhunaítear tascanna an mheasúnaithe, an scrúdú deiridh san áireamh go dlúth ar na cineálacha tascanna agus gníomhaíochtaí a chleachtaítear sa seomra ranga, cabhróidh sé sin le scileanna labhartha agus scríofa scoláirí a dhoimhniú agus a fhorbairt. Anuas air sin, tá ról ag an bhféinmheasúnú go háirithe sa mheasúnú foirmitheach (bheadh r-phunann úsáideach agus tairbheach araon chuige sin) agus ní mór i gcónaí iléirimí na scoláirí a chur san áireamh sa mheasúnú foirmitheach céanna.

## 9. Conclúid

Sa phlécháipéis seo tugadh faoi shainmhíniú a sholáthar ar théacs litríochta agus pléadh na cúiseanna iomadúla oideachasúla a bhaineann lena shaothrú sa rang Gaeilge iarbhunleibhéil. Cuireadh béim ach go háirithe ar an ndlúthbhaint atá ag saothrú na litríochta le cultúr na Gaeilge, le forás pearsanta, mothúchánach agus le forbairt fholláine scoláirí. Is tobar dea-theanga é an téacs litríochta. Pléadh na féidearthachtaí a bhaineann le saothrú na litríochta agus forbairt na litearthachta, an litearthacht dhigiteach agus ilmhódach san áireamh. Sonraíodh an tábhacht a bhaineann le cur chuige agus le gníomhúcháin an mhúinteora Gaeilge chun an téacs litríochta a chomhtháthú i gcónaí le forbairt scileanna teanga, go háirithe le labhairt na Gaeilge chun tacú le forbairt inniúlachtaí teanga na scoláirí. Is léir, mar sin, go bhfuil ról sonrach agus tábhachtach ag an litríocht i sonraíochtaí Gaeilge an iarbhunleibhéil faoi láthair agus beidh sé amhlaidh i gcónaí.

## 10. Tagairtí


Beach R., Appleman, D., Fecho, B., Simon, R. (2021). *Teaching literature to adults*. New York. Routledge.

Collie, J. & Slater, S. (1987*). Literature in the language classroom: A resource book of ideas and activities.* Cambridge University Press.

NCCA (National Council for Curriculum and Assessment) (2022). *Senior Cycle Review*. *Advisory report*. Dublin. NCCA.

NCCA (National Council for Curriculum and Assessment) (2023). *Key competencies in senior cycle (draft).* Dublin. NCCA.

State Examinations Commission (2017). *Chief Examiner's Report*. Dublin. State Examinations Commission.

State Examinations Commission (2023). *Junior Cycle Exams, 2022 Information note on Junior Cycle exams in a range of subjects*. Dublin. State Examinations Commission.

Council of Europe. (2020*). Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment. Companion volume*. Council of Europe Publishing.

Cronin, M. (2019). *An Ghaeilge agus an éiceolaíocht*. Dublin: Foilseacháin Ábhair Spioradálta.

Duff, A & Maley, A (2007). *Literature.* Oxford University Press.

Flanagan, S., & M. Shoffner (2013). "Teaching with (out) technology: Secondary English teachers and classroom technology use." *Contemporary Issues in Technology and Teacher Education* 13 (3): 242–261.

Freire, P. (1973). *Education for critical consciousness.* New York: Seabury Press.

Government of Ireland (2023). *Ireland's literacy, numeracy and digital literacy strategy 2024-2033: Every learner from birth to young adulthood*. Dublin. The Department of Education.

Hopkins, M. (1984). Irish language and literature in the post-primary school: Theoretical and practical directions for curriculum change. *Studies in Education* 2(2) 40-55.

Lazar, G. (1993). *Literature and language teaching: A guide for teachers and trainers*. Cambridge University Press.

Mac Gearailt, C. & Ó Duibhir, P. (2023). *Early enactment review of Junior Cycle Irish T1 and T2*, Dublin: NCCA.

Maley, A (2001). *Literature in the language classroom. The Cambridge Guide to Teaching ESOL*, Cambridge University Press.

Martin, J. (2020). Voice and New Literacies: Student perceptions of writing Instruction in a secondary English classroom. Teaching/Writing: *The Journal of Writing Teacher Education* 8 (1).

Mowitt, J. (2002). What is a text today? *PMLA*, 117 (5), pp. 1217-1221.

Ní Dhonnabháin, A. (2014). *An dátheangachas agus an t-aitheantas. Déagóirí Éireannacha sa 21ú haois.* Doctoral thesis. Dublin. COGG www.cogg.ie

Ó Doibhlin, B. (1973). *Litríocht agus léitheoireacht*. Cork: Mercier Press.

Ó Doibhlin, B. (no date). *Aistí critice agus cultúir.* Dublin: Foilseacháin Ábhair Spioradálta.

Ó Dubhthaigh, F. (1978). Múineadh na Gaeilge san iar-bhunscoil. *Léachtaí Cholm Cille* IX, 19-43.

Ó Laoire, M. (1994). Spléachadh ar mhúineadh na Gaeilge san iar-bhunscoil. *Teangeolas* 33. 33-39.

Ó Laoire, M. (2002). An Ghaeilge sa chóras oideachais. *Léachtaí Cholm Cille XXXII, Curaclam na Gaeilge*, 74-104.

Ó Laoire (2004). Múineadh agus tástáil na litríochta. Discussion paper. *Teagasc na Gaeilge 8*, 144-154.

Pahl, K., & Roswell, J. (2012*). Literacy and education. The New Literary Studies in the classroom.* London. Sage.

Rosenblatt, L. M. (1995). *Literature as exploration.* The Modern Language Association of America.

Schowalter, E (2002) *Teaching literature.* London: Blackwell.

## 11. Aguisín

**Smaointe agus straitéisí iomadúla le haghaidh téacsanna litríochta a chomhtháthú leis an gceacht nó leis an spriocaonad Gaeilge.**

Is féidir téasanna litríochta a chomhtháthú leis an gceacht nó leis an aonad teanga gan aon ródhua. Bhí cur chuige dá chuid féin ag roinnt le múineadh na litríochta thar na blianta. Bhí, mar a bheadh deighilt iomlán idir múineadh na teanga agus múineadh na litríochta.
Tá an chumarsáid lárnach sna sonraíochtaí Gaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearch araon. Ní mór a mheabhrú, mar sin, gur téacs aiceanta cumarsáide atá sa téacs litríochta ann féin. Bíonn teachtaireacht ann agus bíonn an bhearna eolais is dlúth agus inneach an chur chuige chumarsáidigh le líonadh. Tagann scoláirí ar an teachtaireacht cumarsáide, téann siad i ngleic go samhlaitheach agus go mothúchánach leis an mbunteachtaireacht sin, agus cuireann siad tuairimí agus aisfhreagairt in iúl fúithi agus léiríonn siad taitneamh nó a mhalairt ina leith. Ba cheart, mar sin, an litríocht a mhúineadh laistigh den chur chuige  cumarsáideach.
Tá roinnt mhaith scileanna teanga, scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha san áireamh le sealbhú ag scoláirí agus iad i mbun téacs litríochta a shaothrú mar a mhíníonn Comhairle na hEorpa dúinn (2020:93-107) mar atá:

- Faisnéis a chur ar aghaidh;
- Sonraí a mhíniú;
- Téacs a phróiseáil;
- Téacs a aistriú;
- Nótaí a ghlacadh;
- Freagairt phearsanta ar théacsanna a chur in iúl;
- Anailís agus léirmheastóireacht a dhéanamh ar théacsanna cruthaitheacha (lena n-áirítear litríocht);
- Téacsanna cruthaitheacha a chumadh.

Chun na scileanna seo a chothú, moltar chomh fada agus is féidir, cur chuige soch-chultúrtha a úsáid agus a oiread saoirse agus is féidir a thabhairt do scoláirí maidir le téacsanna a roghnú, tascanna agus idirghníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i gcrích i gcomhar leis an múinteoir. D'fhonn litearthacht ilmhódach scoláirí a fhorbairt, moltar a oiread agus is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim mar atá molta i straitéis nua litearthachta ar tagraíodh di thuas (RO, 2024). Chuige seo, moltar úsáid a bhaint as scannáin, ealaín, popamhráin, ceol, drámaí, na meáin agus gearrthóga a mbeadh meas agus taithí ag scoláirí orthu mar d'fhéadfadh cur chuige mar seo scoláirí a mhealladh i dtreo tuiscint a bhaint as bunteachtaireacht an tsaothair litríochta i dtéarmaí a gcuid saoltaithí féin.
Seo a leanas liosta de thascanna, straitéisí nó de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí  a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus an saothar litríochta á chomhtháthú leis an aonad teanga sa rang Gaeilge ag an tsraith shóisearach agus ag an tsraith shinsearach. Níl aon ord ar leith ag baint leis na tascanna seo agus níl anseo ach samplaí fánacha a ghriogfaidh múinteoirí chun machnamh ar straitéisí agus ar  thascanna dá gcuid féin a chumadh in oiriúint dá gcomhthéacsanna ranga agus dá gcuid scoláirí féin.

## Tascanna, straitéisí agus gníomhaíochtaí féideartha

- ❒ Tabhair **teideal an tsaothair** (dán, dráma, gearrscannán, gearrscéal) don rang. Nuair a léann scoláirí teideal an tsaothair, tugann siad buille faoi thuairim i ngrúpaí triúr nó ceathrair faoi ábhar agus faoi théama an tsaothair agus cuireann siad a gcuid tuairimí i láthair ó bhéal.

---

- ❒ Tar éis do scoláirí cuid den téacs a léamh, nó an téacs a shaothrú/a bhlaiseadh ina iomláine, roinneann siad **smaointe** le chéile i ngrúpaí beaga faoi:
  - Cad tá á rá sa téacs seo?
  - Cad iad na smaointe a ritheann linn faoi?
  - Cén fáth go bhfuil téacs mar seo á shaothrú againn sa chéad áit?
  - Cad tá le foghlaim againn as?
  - Cén fhreagairt nó cén fhrithfhreagairt mhothúchánach atá againn ina leith?
  - An bhfuil saothair eile ina bhfuil an téama céanna a bhfuil taithí againn air m.sh liricí ceoil, gearrthóga TikTok, scannáin, dánta i dteanga(cha) eile, 7rl?

Is féidir prótacal “smaoineamh os ard” (TAP: *Think Aloud Protocol*) a úsáid chuige seo i gcás an scoláire aonair.

---

- ❒ Cuireann siad **tuairimí** an ghrúpa in iúl ó bhéal don rang ina iomláine nó is féidir suíomh nó aip ar leith a úsáid chun na réamhthuairimí a chur in iúl ar dtús agus ansan cur i láthair ó bhéal a thaifead agus a roinnt ar an rang. Déanann siad comparáid idir na tuairimí difriúla.

---

- ❒ Cumann scoláirí a gcuid **ceisteanna** agus a gcuid tascanna ó bhéal féin maidir le saothar litríochta atá saothraithe:
  - Cad a thugann tú faoi deara faoi charachtar X nó faoi théama X nó faoin bplota?
  - An gcuireann sé aon rud a tharla duit féin/ do dhuine eile/ scéal a léigh tú/ scannán a chonaic tú i gcuimhne duit?

---

- ❒ Glacann siad **rólanna difriúla** agus bunaíonn siad dráma gearr (trí nóiméad) i bhfoirm gearrthóige ar an saothar. Déanann siad an dráma a thaifead agus cuireann siad fuaimrian ceoil leis agus úsáideann siad pictiúir, grafaicí chuige sin. D’fhéadfadh obair seachtaine a bheith i gceist anseo agus ní gá go dtabharfadh gach duine sa rang faoin saothar ceanann céanna. Roinneann siad an ghearrthóg ar líne. D’fhéadfaidis suíomh nó aip ar leith a úsáid chuige seo.

---

- ❒ Déanann scoláire X **taifead** (podchraoladh) ar scoláire Y agus í/é ag caint faoi dhán/ghearrscannáin ag baint úsáid as suíomh nó aip ar leith chuige seo.

---

- ❐ Scríobhann siad **comhrá samhlaitheach** idir scoláire X agus carachtar sa ghearrscéal/ file an dáin/ carachtar sa ghearrscannán agus déanann siad taifead podchraolta de agus roinntear é ar shuíomh nó aip ar leith.

---

- ❐ Scríobhann siad **litir** chuig an bhfile nó chuig an údar ag cur a gcuid tuairimí in iúl faoin saothar nó/agus ag cur ceisteanna air/uirthi faoi.

---

- ❐ Athscríobhann siad nó cumann siad **deirí eile** i gcás gearrscéil, úrscéil, scéal béaloidis nó gearrscannáin.

---

- ❐ Athinsíonn siad téama an tsaothair ag baint úsáid as meán nó meáin eile: **iontráil cinn lae, pictiúir, grafaicí, rapamhráin, gearrthóga 7rl.**

---

- ❐ Athinsíonn nó athscríobhann siad an gearrscéal/úrscéal/dráma/gearrscannán **ó pheirspictíochtaí carachtair** nó carachtar eile ann.

---

- ❐ Scríobhann an scoláire **agallamh samhlaitheach** idir í/é agus carachtar i ngearrscéal/ngearrscannán/in úrscéal.

---

- ❐ Déanann siad **gearrthóg** chun téama dáin a chur in iúl - cuireann siad fuaimriain agus grafaicí agus roinneann siad ar líne é, nó déanann siad cur i láthair ó bhéal bunaithe air.

---

- ❐ Scríobhann siad monológ agus cuireann siad i láthair **i bhfoirm phodchraolta** chun seasamh príomhcharactair nó carachtair i ngearrscéal / ngearrscannán nó in úrscéal a mhíniú.

---

- ❐ Tugann siad athleagan de dhán **ina bhfocail féin** i bprós.

---

- ❐ Scríobhann siad **a n-achoimrí féin** den saothar litríochta. Bíonn achoimrí oiriúnach go maith le haghaidh gearrscéalta, gearrscannáin agus drámaí réalaíocha, áit a mbíonn gnéithe nithiúla cosúil le plota, suíomh agus carachtar iontu a chabhraíonn le scríbhneoireacht na scoláirí a threorú.

---

- ❐ Glacann scoláirí ról carachtair sa ghearrscéal/úrscéal/dráma agus déanann siad machnamh ar an gcarachtar i bhfoirm **iontráil dialainne** nó baineann siad úsáid as meáin eile, **litir, liricí rapcheoil, cur i láthair Powerpoint, tuairisc irise, blag/cuid de úrscéal graifeach** (dá mbeadh an cumas san ag scoláirí) 7rl. chun an aisfhreagairt a chur in iúl.

---

- ❐ Léitheoireacht le chéile. Iarrtar ar bheirt giotaí éagsúla próis nó línte/véarsa dáin a léamh le chéile. Roinntear giotaí/sleachta difriúla den ghearrscéal/den ghiota úrscéil/den phíosa béaloidis do gach beirt/grúpa. Baineann siad úsáid as foclóir i gcás focal nach dtuigtear. Cuireann siad **eolas/tuairim faoina bhfuil léite acu in iúl ar phostaeir/ar**

**Powerpoint** agus, sa tslí sin, cuimsítear léitheoireacht an ghearrscéil/sliocht an úrscéil ina iomláine.

---

❒ Moltar go ndéanfaí an **léitheoireacht le chéile** i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna: Bíodh na habairtí seo a leanas ar eolas:

- Ní thuigim cad is brí le…
- Cad a chiallaíonn…
- Níl a fhios agam cad a chiallaíonn...
- Féachaimis ar an ngluais/ bhfoclóir…

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment